Tadhg ó Tuamas
Curraithe

Déanta i nÉirinn

Dwyer & Co., Limited, Cork.

© Roinn Bhéaloideas Éireann /
Department of Irish Folklore
An Coláiste Ollscoile
Baile Átha Cliath 4
Éire / Ireland

© Roinn Bhéaloideas Éireann /
Department of Irish Folklore
An Coláiste Ollscoile
Baile Átha Cliath 4
Éire / Ireland.

Fear neamh-shásta.

Bhí rí sa domhan thoir uair amháin agus cé go raibh an saoghal ar a thoil aige ní raibh sé sásta. Bhí bean geanamhail agus clann breágh aige. Bhí cáirde macánta agus stáinte an bhradáin aige. Bhí dúthaig greanmhar agus palás álainn aige. Ba chóir do bheith sásta ach na dhiaidh san agus uile ní raibh sé sásta ná leath-shásta. I ndeireadh na dála chuaidh an scéal i ndonaidheacht chó mór san is nár fhéad sé codladh na hoidhche d'fhághail agus buaileadh breóidte é.

Tháinig an dochtúir ach níor éirig leis é leigheas. Tháinig dochtúir eile agus dochtúir eile fós ach theip ortha go léir é do leigheas. Tháinig fear feasa an toighe lá agus fuair sé cead cainte leis an rí. Chuir sé tuairisg na haicíde agus dhein sé a mhachtnamh ar feadh tamaill. "A rí onórach" ar seisean "níl ach an taon leigheas i ndán duit agus muna bhfuighidh

tú an leigheas san tá deire leat" "agus cad é an leigheas é a fhir chóir" ars an rí "Sé an leigheas é a rí onóraig" ars an fear feasa "ná léine fir éigin atá sásta leis féin agus leis an saoghal d'fhághail agus é chur ort." Lá ar na máireach chuaidh teachtairí ón rí ag cuardach na ríochta d'fhear sásta. Do chuireadar caint agus cómhradh ar gach aon fhear riamh a casadh ortha ach ní dubhairt éinne leó go rabhadar sásta.

Fuaireadar fear ag lorg goile dá bhreicfeasta agus fear eile ag lorg breicfeasta dá ghoile. Bhí an fear saidhbhir gan a shláinte agus fear a sláinte gan a dhóithin airgid aige. Dubhairt an gréasaidhe go raibh an leathar ró-chruaidh agus dubhairt an siúinéir go raibh an adhmad ró-bhog. Do chuarduigheadar na teachtairí dóigh agus andóigh ach ní bhfuaradar aoinne a bhí sásta, agus b'éigin dóibh filleadh gan pioc de bharr a gcuardaig acu. Bhíodar a tiomáint leo abhaile nuair

oideas Éireann /
f Irish Folklore
llscoile
ath 4

d'airigheadar an port feaghaile istig i bpáirc. D'fheachadar isteach thar an gclaidhe agus annsúd ós a gcomhair do chonnarceadar an scafaire fir. I na shuidhe ar phaca fé scáth crainn a bhí sé, a dhá uilinn ar a ghlúnacha aige agus é ag cromadh os cionn teine brosnaí ag róstadh maróige a bhí ar bharr cipín aige. Do chuadar isteach chuige. Do bheannuigheadar dó go séimh agus do fhreagair sé iad go fáilteach. "Táir ar do chuilín i seabhrach annso" arsa duine aca leis.

"Ní gearánta dhom buidheachas le Dia" arsa fear na maróige. "B'fhéidir go bhfuil tú sásta" ars an teachtaire. "Níl cíos, cás ná catúghadh orm buidheachas mór le Dia na glóire" arsa mo dhuine. "Táir sásta mar sin" ars an teachtaire. "Táim sásta agus lán tsásta" ars an scafaire. "Tabharfad céad púnt duit ar do léine" ars an teachtaire agus é ar inneal. "Léine a chroidhe" arsa fear na maróige "ní chaithim a leithéid ná níor chaitheas le fada an lá." Do chuadar abhaile gan léine agus fuair an rí bás.

Seán Ó Tuama.

...ideas Éireann /
...Irish Folklore
...lscoile
...ath 4

Leprechán.

Do bhí buachaill ana-leisciúil ann fadó. Seán a b'ainm dó. Ní dhéanfadh sé aon obair ach ag cur trapanna roimis na héanlaithe agus suil ribeanna roimis na coiníní agus ag breith ortho. Lá amháin nuair a bhí sé ag féachaint ar a chuid trapanna do chonnaic sé leipreachánín ag dul isteach i bpoll. Do chuir sé súil ribe roimis agus nuair tháinig sé airís bhí sé i nachrann ann. Do rug sé ar an bhfirín agus thosnuig sé a screadaig agus ag léimnig ar buille.

Dubhairt Seán ná leogfadh sé dho imtheacht go dtí go dtabharfadh sé dhó próca óir. Dubhairt an firín ná raibh aon ór aige. Annsan tháinig solus éigin roime na shúile i dtreó nách féidir leis pioc d'fheiscint agus chaith sé leogaint dón firín imtheacht. Tháinig sé amach as an áit agus é go hana bhrónach. Do shuidh sé síos ar bun chrainn

a bhí tar éis tuitim. Nuair a tháinig sé ar shiubhal arís níor bhféidir agus shiubhal sé leis agus an crann ceangailte dhe. Do thuitfeadh sé isteach ins gach díg a bhuailfeadh uime agus do leagfadh sé gach coca féir. Fé dheire dó shroic sé tigín ana-bheag. Do bhuail sé ag an ndorus, agus tháinig fear crionna caithte, liath amach chuige agus dubhairt sé nách féidir leis aon rud a dhéanamh do.

Do thomáin sé leis go dtí gur shroic sé tigín eile agus tháinig fear eile liath amach chuige agus bhí an scéal céadna aige mara bhí ag an bhfear eile. Do chaith sé suidhe síos agus fuair sé bás ann.

Seán ó Tuama,
Cuirraithe.

14 : 12 : 37.

ideas Éireann /
Irish Folklore
lscoile
ath 4

le na chéile ná tiocfaidís go dtí an áit go bráth arís. Nuair a chuadar amach is beag ná gur theip ortha an capall fhoghail. Nuair a bhíodar ag dul abhaile do thaithn solus ar chluasaibh an capaill agus do thaisbeáin sé an bothar dóibh. Tar éis tamaill do thaidhrimh triúr fear eile an rud céadna. Dúbhradh ná mairfeadh an té a thógfadh amach é abhfad.

Do rugadar leó fear gan puinn céile agus thóg sé amach an tór agus níor mhair sé abhfad. Fuaradar an tór agus tá a muinntir sin go teann saidhbhir fós.

Seán ó Tuama,
Curraithe,

14 · 1 · 38

aloideas Éireann /
of Irish Folklore
Ollscoile
Cliath 4
nd.

Ór i bhFolach.

Fadó riamh ó shin bhí bothainín ceann tuighe agus seanduine agus seana-bhean na gcomhnuidhe ann thuaidh i nDoire-leathan. Théigheadh an fear síos amach gach bhliain ag baint phrátaí. Bhí beagáinín prátaí aige i ndiaidh an fhir go raibh sé ag obair dó. Oidhche nuair a chuaidh sé a chodladh dubhairt sé le mhnaoi go raibh beithíg an fhir tiompall an gharrái agus nár dhún sé an bhéarna i naochar agus go raghadís isteach ann.

Dubhairt sé go neireóchadh sé agus go ndúnfadh sé an bhéarna. Dubhairt a bhean leis go bhféadfadh sé eirighe go luath ar maidin agus é dhúnadh. Do chuaidh sé go dtí an Ghháirc agus fuair sé tiompall dachad fear istig ann agus iad ag imirt peile. "Greadadh chúghaibh" ar seisean "nach ganachúiseach atá an talamh oraibh

bheith ag teacht annso ag lot mo chuid garraí agus gan puinn de agam." Do shiubhal fear suas chuige agus dubhairt sé leis ná déanfadís aon díoghbháil do. Do chuaidh sé abhaile agus dinnis sé an scéal dá mhnaoi. Nuair eirigh sé ar maidin níor dhein sé dearmhad ar dhul suas go dtí an garraí feachaint a raibh sé ar foghnamh agus bhí sé chómh maith is bhí sé riamh. Nuair a tháinig an tam chun na bprátaí a bhaint do chuaidh an fear síos amach chun iad do bhaint. Do bhí sé ag baint phrátaí ag fear amháin agus chonnaic sé tig breágh agus ní raibh aon deatach ag teacht amach as.

An céad lá eile d'iarr sé ar dhuine amháin feachaint ca'na thaobh ná raibh aon deatach ag teacht amach as agus dubhairt an duine ná féadfadh doinne maireachtaint ann ag púcaí. Dubhairt an

Dubhairt an fear dá bhfaghadh sé féin píopa agus dhá únsa tobac agus buidéal beath-uisge go gcolóchadh sé ann gach oidhche ar feadh seachtaine. Nuair airigh a mháistir é sin dubhairt sé go bhfaghadh sé iad. Do dheineadar teine bhreágh agus leabaidh bhreágh dho. Do shuidh sé go seasgair in aice na teine agus líon sé a phíopa agus thosnuigh ag ól. Iar éis tamaill tháinig fear isteach chuige agus d'iarr sé gal air.

Nuair a bhí a dhóithin ólta aige do bhris sé an píopa cailce ar lic an tinteáin agus amach leis. Do chuaidh an fear a chodladh agus d'ól sé an beath-uisge. D'éirigh sé ar maidin agus chuaidh sé go dtí an áit go raibh sé ag obair. Bhí na daoine ag iarraidh air féachaint a bhfeaca sé aon rud agus dubhairt sé ná feacaidh. D'iarradar air

féachaint a gcolóchadh sé arís ann dá
d tabharfaidís do píopa agus dhá unsa tobac
agus buidéal beath-uisge agus dubhairt sé
go ndeanfadh. Do chuaidh sé ann an
tarna oidhche agus shocruigh sé é féin ar
an gcuma gcéadna agus líon sé a phíopa
arís agus thosnuigh sé ag ól go seasgair.
I lár na hoidhche tháinig an fear arís
chuige arís chuige agus diarr sé a phíopa
air.

Dubhairt sé ná tabharfadh sé dhó i
naochar é mar gur bhris sé an ceann
aréir agus annsan diarr sé air féachaint
a bhfeaca sé é féin riamh agus dubhairt
sé go bhfeaca sé aréir é mar gur bhris
sé a phíopa agus diarr sé air feachaint
a bhfeaca sé riamh roime sin é agus
dubhairt sé ná feacaidh. Diarr sé air
féachaint ar chuimhin leis an oidhche
go bhfeacaidh sé sa gharraí iad ag imirt

peile agus dubhairt sé gur ~~(bhfear)~~ chuimhin
Dubhairt sé gur bé féin a iarr air
feachaint a dtéigheadh sé síos amach ag
baint phrátaí agus dubhairt sé go
dtéigheadh. Nuair a thosnuigheadar ar
chainnt i gceart thug sé an píopa
dho agus nuair a bhí a dhóithin ólta
do thug sé an píopa thar nais agus
dubhairt sé go raibh dhá phróca óir i
bhfolach fé lic an dorais agus dubhairt
sé leis a rádh le na mhac iad do
thógaint agus an 3adh cuid de a
thabhairt do féin. D'imthigh sé leis ar
maidin agus d'innis sé dá mháistir cad
airigh sé.

Dubhairt sé go ndubhairt a athair
leis go raibh dhá phróca óir i bhfolach
fé lic an dorais agus go gcaithfidís dul
agus é bhaint. Thógadar an tór agus
fuair an fear an 3adh cuid de. Do chuaidh

sé abhaile go dtí a bhean agus an tairgead aige agus cheannuigheadar feirm agus do mhaireadar go seasgair as san amach.

Artúr ó Laoghaire,
Curraigh the,
1.2.1938.

Bean an Dá Ghé

Bhí lánamha ann fadó agus fuaradar cuireadh chun ~~dul~~ go dtí pósadh. Dimthigheadar leó agus bhuail lochán uisge leó ar thaobh an bhothair. Bhí gé ag snamh sa lochán agus dubhairt an bhean leis an bhfear go raibh ~~dhá~~ ghé ann. "Airiú, eist do bhéal a óinsín ~~amán~~ fear léi" ná feiceann tú gurab amhladh áta an scáth thíos nuair atá sí ag snámh i náirde"

Dubhairt an bhean leis go raibh dhá ghé ann agus dubhairt sé sin ná raibh ann ach aon ghé amháin. "Bhí dhá ghé ann" arsán bhean arís. "Deallraighim nách aon mhaitheas dom bheith ag áiteamh ort" ars an fear lei. Seadh, do chuadar go dtí an posadh agus d'fháiltigheadh rómpa agus pé focal adubhairt an fear le na mhnaoi, dubhairt sí leis go raibh dhá ghé ann agus sé sin ná raibh ann ach aon ghé amháin. Dubhairt sí leis go raibh dhá ghé ~~(amháin)~~ ann.

Bhí náire ar an bhfear is dócha agus dubhairt sé léi gluaiseacht uirthe abhaile agus do thánadar abhaile le cois a chéile agus do shín sí siar dí féin tar éis teacht agus i gcionn tamaill dubhairt sé léi eirghe na suidhe agus biadh a chur á ullmhúghadh dos na páistibh. Dubhairt